



**NCCA**

An Chomhairle Náisiúnta  
Curraíom agus Measúnachta  
National Council for  
Curriculum and Assessment

# Cáipéis eolais agus treoir don athbhreithniú ar Ghnó na hArdteistiméireachta

Meán Fómhair 2022



# An Clár Ábhar

---

|  |        |
|--|--------|
| <b>1. RÉAMHRÁ</b> .....  | - 5 -  |
| <b>2. CÚLRA AGUS COMHTHÉACS</b> .....  | - 6 -  |
| Achoimre roinne.....   | - 8 -  |
| <b>3. GNÓ SA CHURACLAM</b> .....   | - 9 -  |
| Oideachas a bhaineann le gnó le linn na luathóige agus na bunscoile .....        | - 9 -  |
| Oideachas gnó sa tsraith shóisearach .....                                       | - 9 -  |
| Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí.....   | - 9 -  |
| Réimsí eile na Sraithe Sóisearaí.....  | - 10 - |
| Oideachas gnó sa tsraith shinsearach .....                                       | - 11 - |
| An Ardteistiméireacht Bhunaithe .....  | - 11 - |
| An Ardteistiméireacht Fheidhmeach .....  | - 12 - |
| Gairmchlár na hArdteistiméireachta .....   | - 12 - |
| An Idirbhliain.....  | - 12 - |
| Gnó na hArdteistiméireachta i bhfócas.....                                       | - 13 - |
| Rannpháirtíocht an scoláire .....  | - 13 - |
| Measúnú don teistiúchán .....  | - 13 - |
| Léargas ó Thuarascáil an Phríomhscrúdaitheora 2015 .....                         | - 15 - |
| Achoimre roinne.....   | - 16 - |
| <b>4. TREOCHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA IN OIDEACHAS GNÓ NA MEÁNSCOILE SINSEARAÍ</b> ..... | - 17 - |
| Tuaisceart Éireann .....   | - 17 - |
| Staidéar Gnó TGO .....   | - 17 - |
| Seirbhísí Gairmiúla TGO .....  | - 18 - |
| Albain - 19 -  |        |
| Ardchúrsa Bainistíochta Gnó.....   | - 19 - |
| Queensland .....   | - 21 - |
| Gnó QCE.....   | - 21 - |
| New South Wales .....  | - 22 - |
| Staidéar Gnó HSC.....  | - 22 - |

|   |               |
|---|---------------|
| An Nua-Shéalainn .....  | - 23 -        |
| Staidéar Gnó NCEA .....   | - 23 -        |
| Achoimre roinne.....  | - 25 -        |
| <b>5.    CEISTEANNA LE MACHNAMH A DHÉANAMH ORTHU.....</b>                         | <b>- 26 -</b> |
| Deiseanna d'fhoghlaim a bhaineann le cúrsaí gnó ar fud na sraithe sinsearáí ..... | - 26 -        |
| Raon an ábhair .....  | - 26 -        |
| Digitíú agus an saol gnó.....   | - 27 -        |
| Suntas a bhaineann le cúrsaí eitice .....   | - 27 -        |
| An tábhacht atá le forbairt scileanna.....  | - 28 -        |
| Measúnú ar Ghnó na hArdteistiméireachta .....                                     | - 28 -        |
| Achoimre roinne.....  | - 29 -        |
| <b>6.    TREOIR DON ATHBHREITHNIÚ AR GHNÓ NA HARDTEISTIMÉIREACHTA ..</b>          | <b>- 30 -</b> |
| <b>TAGAIRTÍ .....</b>   | <b>- 32 -</b> |

---

# 1. Réamhrá

---

An tAthbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Foilsíodh tuarascáil chomhairleach (CNCM, 2022) i Márta 2022 i ndiaidh na freagartha ón Aire Oideachais, Norma Foley, TD. Déanann an tuarascáil taifead agus freagraíonn sí ar thuairimí na múinteoirí, an scoláire, na dtuismitheoirí, na bpáirtithe leasmhara a bailíodh le linn an athbhreithnithe ceithre bliana ar conas a d'fhéadfadh an tSraith Shinsearach a fhorbairt chun freastal ar riachtanais ár ndaoine óga uile. Cuireann sé bunús láidir faoi athfhorbairt chéimnithe na Sraithe Sinsearaí sna blianta amach romhainn.

I measc na ngníomhartha a dtugtar breac-chuntas orthu sa Tuarascáil Chomhairleach, tá athbhreithniú ar chomhpháirteanna den churaclam atá ann cheana – idir ábhair agus mhodúil – agus an gá atá le comhpháirteanna nua den churaclam a mheas. Is sa pháipéar seo a thugtar cúlra faoin athbhreithniú ar Ghnó na hArdteistiméireachta agus tá sé mar bhonn taca ag comhairliúchán ina bhféachfar le tuairimí réimse páirtithe leasmhara a fháil, lena n-áirítear múinteoirí, ceannairí scoile agus an scoláire chun rannchuidiú le forbairt sonraíochta nua don ábhar.

Cuirtear tús leis an bpáipéar seo ach machnamh a dhéanamh ar an gcúlra faoi ghnó mar ábhar sa tsraith shinsearach le Cuid 2 ag cur dearcadh ar an gcomhthéacs reatha i láthair, lena n-áirítear machnamh ar fhorbairtí beartais ábhartha laistigh d'oideachas agus de shaol an ghnó. I gCuid 3 leagtar amach an chaoi a bhfreastalaítear ar oideachas gnó laistigh de churaclam na hÉireann sula ndírítear ar shiollabas Ghnó na hArdteistiméireachta, ach i gCuid 4 pléitear oideachas gnó go hidirnáisiúnta agus cuirtear achoimre ar fáil ar na cúig dháinse éagsúla. I gCuid 5 tarraingítear ar na trí chuid roimhe chun roinnt deacrachtaí a chatagóiriú agus chun iad a phlé go hachomair, deacrachtaí a sainathníodh le machnamh a dhéanamh orthu maidir le forbairt sonraíochta nua le haghaidh Ghnó na hArdteistiméireachta agus ag an deireadh leagtar amach treoir mholta le haghaidh forbairt sonraíochta nua i gCuid 6.

## 2. Cúlra agus Comhthéacs

---

Sa chuid seo leagtar amach cuid de na forbairtí suntasacha i saol an ghnó le 25 bliain anuas. Leagtar amach na tionscnaimh agus forbairtí beartais ann freisin le deich mbliana anuas laistigh den oideachas agus den ghnó is ábhartha maidir le hathbhreithniú Ghnó na hArdteistiméireachta.

Rinneadh an t-athbhreithniú deireanach ar Ghnó na hArdteistiméireachta in 1995. Cuireadh an siollabas reatha de Ghnó na hArdteistiméireachta i bhfeidhm in 1997 agus tugadh siollabas Eagraíocht Ghnó na hArdteistiméireachta isteach ina áit a tugadh isteach sna scoileanna sa bhliain 1978. Nuair a tháinig siollabas Eagraíocht Ghnó na hArdteistiméireachta isteach, bhí sé mar aidhm gné ghairme an ábhair a mhéadú, chun comhthéacs le cur leis a chur ar fáil don scoláire ó eiseamláirí ina shaol féin agus chun iad seo a chur i bhfeidhm sa timpeallacht ghnó níos leithne, lena n-áirítear úsáid na gcás-staidéar chun tuiscint a fháil ar ról na fiontraíochta agus chun cur i bhfeidhm Staidéar Gnó sa Teastas Sóisearach a chur san áireamh (DES, 1996).

Ó cuireadh an siollabas 1995 i bhfeidhm, bhí athruithe suntasacha ann i saol an ghnó agus in oideachas gnó. Ó tharla go bhfuil nádúr dinimiciúil sa timpeallacht ghnó imródh go leor forbairtí eacnamaíocha, sóisialta, polaitiúla, agus teicneolaíochtaí tionchar air. Ó 2008 ar aghaidh, d'imir forbairtí casta ar an ngeilleagar baile agus idirnáisiúnta tionchar ar earnálacha gnó agus fiontraíochta na hÉireann. Cuimsítear lena leithéid d'fhorbairtí teacht chun cinn an Tíogair Cheiltigh, an cor chun donais eacnamaíoch a tháinig ina dhiaidh dá réir, Breatimeacht, tionchar na paindéime COVID-19 agus an rud is deireanaí, na éagobhsaíochta atá tagtha chun cinn de bharr an chogaidh san Úcráin. D'imir na heachtraí seo tionchar mór ar an gcaoi a bhfeidhmíonn eagraíochtaí, agus áiteanna oibre agus ar dhaoine ag an obair, agus tionchar suntasach ar chustaiméirí agus ar an tsochaí ina iomláine. Cuirtear dúshlán roimh eagraíochtaí le bheith níos nuálaí agus níos cruthaithí go himhneánach, chun ardleibhéil eitice a chothú agus chun úsáid a bhaint as an gcumhacht atá ag an teicneolaíocht dhigiteach le linn don Cheathrú Réabhlóid Thionsclaíoch a bheith ag teacht chun cinn.

Ó thaobh an churaclaim de, bhí go leor forbairtí suntasacha ann le deireanas. Is é críoch an athbhreithnithe ar an tsraith shinsearach an ceann is deireanaí chomh maith le foilsiú an [Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Tuarascáil Chomhairleach](#) (CNCM, 2022). Leagann an tuarascáil seo aidhm bheartaithe amach ar oideachas na sraithe sinsearaí chomh maith le fíis maidir le hathfhorbairt na sraithe sinsearaí bunaithe ar shraith de threoirphrionsabail. I gcomhréir leis an gCreat don tSraith Shóisearach (DE, 2015), tugadh sonraíocht athbhreithnithe ábhair isteach le haghaidh Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí i Meán Fómhair 2016, ag teacht isteach in ionad an tsiollabais maidir le Staidéar Gnó sa Teastas Sóisearach a cuireadh i bhfeidhm in 1989. Ba é teacht isteach na Measúnuithe Rangbhunaithe ceann de na hathruithe ba mhó mar chuid de chur i bhfeidhm an Chreata don tSraith Shóisearach. Chomh maith leis sin laistigh de thírdhreach beartais um oideachas, díríonn an [Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2027](#) ar an bpoitéinseal atá ag an teicneolaíocht dhigiteach laistigh den churaclam agus cuireann sé níos mó béime ar ról na teicneolaíochta digítí chun tacaíocht a chur ar fáil do theagasc, foghlaim agus measúnú agus chun iad a fheabhsú agus chun forbairt na scileanna sa 21ú haois a chothú. Is féidir le húsáid chuí na teicneolaíochta digítí feabhas a chur ar theagasc agus ar fhoghlaim sa seomra ranga gnó, tacú le forbairt scileanna an scoláire agus chomh maith leis sin, cuireann sé deiseanna ar fáil le bheith rannpháirteach le réimse leathan ábhair bhaintigh a bhaineann le cúrsaí gnó.

Taobh amuigh de bheartas oideachas, is iad réimse leathan beartas agus straitéisí rialtais ar nós Straitéis Náisiúnta Scileanna, an Straitéis Trádála agus Infheistíochta, an Ráiteas Beartais Náisiúnta maidir le Fiontraíocht agus na Pleananna Fiontraíochta Réigiúnacha a chuireann léargas ar fáil maidir le treo an ghnó a d'fhéadfadh a bheith ann go náisiúnta sa todhchaí agus is iad ballraíocht na hÉireann leis an AE agus domhandú na hÉireann a imríonn tionchar suntasach ar ghnó go hidirnáisiúnta. Úsáid a Bhaint as Cúrsaí Digiteacha: Is é an Creat Éire Dhigiteach Straitéis Dhigiteach nua na hÉireann. Cuireann sé san áireamh go bhfuil Éire in uair na cinniúna maidir le cúrsaí tionscnaimh, eacnamaíochta agus sochaí de bharr an lín dúshlán trasfhoirmiúcháin agus díríonn sé go sonrach ar an trasfhoirmiú digiteach i ngnó, rud a chuireann tábhacht na teicneolaíochta digítí chun solais ar fud shaol an ghnó (Rialtas na hÉireann, 2022).

Cuireadh béim shuntasach ar an tábhacht a bhaineann le forbairt scileanna, go hidirnáisiúnta. D'fhoilsigh an Fóram Eacnamaíoch Domhanda an Tuarascáil *Jobs 2020* a chuireann na scileanna chun solais a theastaíonn ó dhaoine óga le tabhairt faoi staidéar, faoi obair agus mar shaoránaigh sa 21ú céad, lena n-áirítear cruthaitheacht, réiteach fadhbanna agus scileanna smaointeoireachta criticiúla.

Feictear go bhfuil an tábhacht atá le litearthacht airgeadais do dhaoine óga an-suntasach agus is iad an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC) an staidéar ar Inniúlacht airgeadais agus Folláine in Éirinn agus Dréachtchreat an Choimisiúin Eorpaigh do Pháistí agus do Dhaoine Óga agus Líonra Idirnáisiúnta maidir le hOideachas Airgeadais de chuid na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) a chuireann chun solais an gá go n-éireoidh daoine óga feasach go criticiúil ar dheacrachtaí airgeadais an chustaiméara agus reachtaíochta agus ag cur béim ar an tábhacht atá le hoideachas airgeadais agus ar fhorbairt athléimneacht airgeadais.

Ciallaíonn réimse fairsing athruithe dinimiciúla go bhfuil athbhreithniú ar Ghnó na hArdteistiméireachta tráthúil anois, ag cur deis ar fáil chun a chinntiú go bhfuil an fhoghlaim i ngnó bainteach leis an scoláire, lena shaol laethúil, lena phobal áitiúil, leis an ngeilleagar agus le saol an ghnó, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

## Achoimre roinne

- Ba é 1995 an babhta deiridh a rinneadh athbhreithniú ar ghnó mar chuid de chlár ina raibh na sé ábhar san Ardteistiméireacht.
- Ó cuireadh an siollabas reatha i bhfeidhm, bhí athruithe suntasacha i saol an ghnó maidir le cúrsaí teicneolaíochta agus eitice go háirithe, dhá rud a imríonn tionchar suntasach ar shaol an ghnó agus ar chustaiméirí sa tsochaí agus na daoine a oibríonn inti.
- Ó thaobh athchóiriú curaclaim de, cuireadh sonraíocht nua le haghaidh Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí i bhfeidhm, lena n-áirítear cur i bhfeidhm na Measúnuithe Rangbhunaithe agus cuireadh athbhreithniú ar an tsraith shinsearach chun críche ónar eascraíodh foilsíú an Athbhreithnithe ar an tSraith Shinsearach: Tuarascáil Chomhairleach.
- Cuireann beartas náisiúnta agus idirnáisiúnta béim shuntasach ar an tábhacht le hoideachas airgeadais agus ar fhorbairt na litearthachta airgeadais agus meastar go bhfuil an teicneolaíocht dhigiteach ag éirí níos tábhachtaí i gcúrsaí múinteoireachta, foghlama agus measúnaithe.
- Leanann roinnt straitéisí agus beartais náisiúnta agus idirnáisiúnta ar aghaidh ag cur bonn eolais faoi shaol dinimiciúil an ghnó, chun tionchar a imirt air agus chun léargas suimiúil a chur ar fáil treo an ghnó a d'fhéadfadh a bheith ann sa todhchaí, rud a



### 3. Gnó sa churaclam

---

Sa chuid seo cuirtear léargas ar fáil ar oideachas gnó laistigh de churaclam na hÉireann agus leagann sé deiseanna amach le haghaidh foghlama a bhaineann le hoideachas gnó ón luath-óige go dtí an bhunscoil, go dtí an mheánscoil shinsearach sula ndírítear ar Ghnó na hArdteistiméireachta go háirithe, agus ar Thuarascáil an Phríomhscrúdaitheora ar an ábhar.


#### Oideachas a bhaineann le gnó le linn na luathóige agus na bunscoile

In oideachas na luathóige, tosaíonn an páiste ag dul i ngleic leis an bpobal ina maireann sé agus forbraíonn sé bunfheasacht air. Cé nach ábhar neamhspleách é an gnó laistigh de churaclam na bunscoile, éiríonn le hoideachas na bunscoile, tógáil ar fhoghlaim ábhartha a tharla cheana ag leibhéal na bunscoile. Forbraíonn Curaclam Matamaitice na Bunscoile scileanna matamaitice an pháiste i réimsí an réitigh fadhbanna, smaointe matamaiticiúla a léiriú i modhanna difriúla, agus na réasúnaíochta. Cuireann Dréachtchuraclam Matamaitice nua na Bunscoile tuilleadh béime ar eispéiris foghlama a chuireann litearthacht airgeadais agus stuaim chun cinn agus cuidíonn sé le páistí dul i dtaithe ar théarmeolaíocht airgeadais a bhaineann lena saol laethúil. In Oideachas Sóisialta, Comhshaoil agus Eolaíochta (OSCE) an churaclaim tugtar deiseanna don pháiste tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a thuiscint ar dhaoine a mhaireann agus a oibríonn sa phobal áitiúil agus níos faide i gcéin, i ngnólachtaí ina cheantar áitiúil agus chun forbairt a dhéanamh ar a thuiscint ar shaincheisteanna trádála agus forbartha. Forbraítear an t-eolas agus tuiscint níos mó trí staidéar ar ábhair ghnó in oideachas na hiar-bhunscoile agus trína bheith ag cur le scileanna a forbraíodh sa Mhatamaitic agus in OSIE.

#### Oideachas gnó sa tsraith shóisearach

##### Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí

Tugadh isteach sonraíocht nua le haghaidh Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí i scoileanna in 2016, tháinig sí isteach in áit siollabas Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí. Is é aidhm na sonraíochta 'spéis an scoláire a mhúscailt' sa timpeallacht ghnó agus sa chaoi a mbíonn sé ag plé léi. Forbraíonn sé scileanna, eolas, meonta agus iompraíocht a chuireann ar a chumas cinntí eolasacha freagracha a dhéanamh leis na hacmhainní uile atá ar fáil dó, ag cinntiú a leasa féin agus leas na sochaí, agus ag an am céanna beidh sé ag éirí níos féinfheasaí mar fhoghlaimeoir (NCCA, 2015 lch.5). Cuimsítear le Staidéar gnó torthaí foghlama don scoláire sna réimsí gnó, eacnamaíoch agus cuntasáíochta agus eagraítear é ina thrí shnáithe: Airgeadas Pearsanta, Fiontraíocht agus Ár nGeilleagar (Fíor 1).



Fíor 1: Na snáithe laistigh de Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí

Deartar an tsonraíocht chun spreagadh a thabhairt don scoláire tuiscint a fháil ar thionchar an ghnó ina shaol agus chun forbairt a dhéanamh ar bhunscileanna, tuiscint agus luachanna le bheith rannpháirteach sa timpeallacht ghnó agus le haghaidh foghlama, oibre agus an tsaoil as sin amach, lena n-áirítear scileanna anailíseacha, smaointeoireacht chriticiúil, réiteach fadhbanna, oibre foirne agus cumarsáid.

Cuimsítear le Measúnú i Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí scrúdú scríofa deiridh, tasc measúnaithe agus dhá mheasúnú rangbhunaithe (MRBanna). Cuimsítear le MRB1; an scoláire ag obair i ngrúpaí chun taighde a dhéanamh, chun na torthaí a anailísiú agus chun tuarascáil a ullmhú ach i MRB2 ní mór don scoláire taighde a dhéanamh ar ábhar dá rogha féin agus chun cur i láthair ó bhéal a dhéanamh a dhéanann machnamh ar a pheirspictíochtaí ar na torthaí.

Rinneadh [athbhreithnithe ar an gcur i bhfeidhm luath ar Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí](#) in 2019-2020. Cuireadh fáilte mhór roimh an tsolúbthacht a chuir an tsonraíocht ar fáil le béim faoi leith ar chur i bhfeidhm an eolais agus na hanailíse, rud a measadh a thugann fócas níos mó ar ábharthacht an staidéir ghnó do shaol laethúil an scoláire. Cé go raibh na torthaí foghlama ina gcabhair chun an tsolúbthacht seo a chur ar fáil, léiríodh roinnt imní maidir leis an eolas, tuiscint, scileanna agus luachanna ábhartha a shainithint laistigh de gach toradh foghlama. Bhreathnaigh múinteoirí agus an scoláire ar chur i bhfeidhm MRBanna mar rud dearfach ar an iomlán agus ba iad gnéithe ar nós forbairt scileanna, rogha an scoláire agus modhanna measúnaithe difriúla a cuireadh chun solais mar rudaí dearfacha. Léiríodh roinnt imní faoi na MRBanna de bharr nach raibh luach céatadáin acu laistigh de scrúdú deiridh na sraithe sóisearaí agus faoin iomarca measúnaithe de réir mar a tugadh isteach tuilleadh ábhar. Chuir go leor múinteoirí fáilte mhór roimh mhodhnóireacht shóisialta trí chruinnithe faoi Fhoghlaim Ábhair, Measúnú agus Athbhreithniú (AFMÁ) mar chuid de phróiseas measúnaithe na sraithe sóisearaí.

### Réimsí eile na Sraithe Sóisearaí

Tá deiseanna eile ag an scoláire chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar eolas, tuiscint, scileanna agus luachanna a bhaineann le hoideachas gnó in ábhair na sraithe sóisearaí agus i ngearrchúrsaí ar nós na Matamaitice, Eacnamaíocht Bhaile agus OSSP.

## Oideachas gnó sa tsraith shinsearach

Tá deiseanna ag an scoláire staidéar a dhéanamh ar ábhair agus ar mhodúil a bhaineann le gnó thar na trí chlár reatha sa tsraith shinsearach: An Ardteistiméireacht Bhunaithe (ATB), an Ardteistiméireacht Fheidhmeach (AF) agus Gairmchlár na hArdteistiméireachta. San idirbhliain, tá go leor féinrialach ag scoileanna chun a gclár féin a dhearadh mar sin níl i gceist le hoideachas gnó ach réimse molta de thaithí don scoláire san idirbhliain.

### An Ardteistiméireacht Bhunaithe

D'fhéadfadh scoileanna Gnó, Eacnamaíocht, agus Cuntasaíocht a chur ar fáil don scoláire atá ag cur isteach ar an ATB. Foilsíodh sonraíocht nua le haghaidh Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta in 2018 agus cuireadh faoi scrúdú é den chead uair in 2020<sup>1</sup>. Tá sé mar aidhm aige an scoláire a chumasú chun tuiscint a fháil ar na fórsaí eacnamaíochta a imríonn tionchar ar a shaol laethúil, ar a shocháil agus ar a gheilleagar ar bhonn áitiúil, náisiúnta agus domhanda. Bíonn sé níos eolaí mar chinnteoir dá bharr. Cuireadh an siollabas reatha le haghaidh Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta i bhfeidhm in 1995 agus díríonn sé ar ullmhúchán, taifeadadh, baint, cur i láthair, agus anailísiú maidir le heolas airgeadais ar mhaithe le cinní eacnamaíochta a dhéanamh.

Tugadh isteach siollabas reatha do Ghnó na hArdteistiméireachta in 1997 agus cuireadh faoi scrúdú é den chead uair in 1999, rud a fhágann go bhfuil an siollabas 25 bliain d'aois. Díríonn an siollabas reatha ar 'an timpeallacht ina bhfeidhmíonn gnó a thuiscint in Éirinn agus sa domhan mór' agus 'chun dearcadh dearfach ar fhiontraíocht a thabhairt don scoláire chomh maith le cur i bhfeidhm na fiontraíochta sa timpeallacht ghnó, san earnáil phoiblí agus phríobháideach' (ROS, 1995 lch. ii).

Tá sé mar aidhm ag an siollabas:

- cur le hoideachas ginearálta cothrom agus cuí, rud a fhágfaidh go ndéanfar an scoláire a fhorbairt go pearsanta agus go sóisialta trí staidéar a dhéanamh ar ghnó agus ar fhiontraíocht
- tionscnaíocht agus féintuilleamaí a spreagadh i ngach scoláire
- tuiscint shoiléir a fhorbairt ar ról na fiontraíochta, forbairt na scileanna foghlama fiontraíochta cuí a spreagadh, agus chun dearcadh dearfach eitice a chruthú sa scoláire sa saol pearsanta, gnó, agus poiblí
- tuiscint chriticiúil a fhorbairt ar an timpeallacht ina iomláine ina bhfeidhmíonn gnó

---

<sup>1</sup> Fuair an scoláire gráid ríofa de bharr na socruithe measúnaithe a cuireadh i bhfeidhm mar gheall ar an bpaindéim Covid 19 agus bhí sé de rogha ag an scoláire an scrúdú scríofa a sheasamh i mí na Samhna 2020.

- cabhair a thabhairt don scoláire agus é ag ullmhú le bheith rannpháirteach i dtimpeallacht ghnó a bhíonn ag athrú i gcónaí agus nuair atá sé ag ullmhú le haghaidh saol an duine fásta agus le haghaidh an tsaoil oibre agus mar bhonn taca ag breisoideachas (ROS, 1995 lch. 1).

Cuimsítear leis an siollabas seacht n-ionad le foghlaim don scoláire leagtha amach sna torthaí foghlama laistigh de gach aonad. Is iad seo a leanas na seacht n-aonad:

- Aonad 1: Díríonn Daoine i nGnó ar chumas a thabhairt don scoláire an caidreamh idir na príomhpháirtithe i ngnó a thuiscint chomh maith leis an nádúr dinimiciúil den chaidreamh céanna
- Aonad 2: Díríonn Fiontraíocht ar chumas a thabhairt don scoláire tábhacht na fiontraíochta sa ghnó agus sa phobal a thuiscint
- Aonad 3: Díríonn Bainistíocht 1 ar chumas a thabhairt don scoláire tábhacht na bainistíochta sa ghnó agus sa phobal a thuiscint
- Aonad 4: Díríonn Bainistíocht 2 ar chumas a thabhairt don scoláire bainistíocht a thuiscint de réir mar a bhaineann sé leis an teaghlach agus le gnó
- Aonad 5: Díríonn Gnó á chur i ngníomh ar chumas a thabhairt don scoláire na céimeanna a bhaineann le fiontar gnó a shocrú a thuiscint
- Aonad 6: Díríonn an timpeallacht bhaile ar chumas a thabhairt don scoláire an idirghníomhaíocht idir gnólachtaí, an pobal áitiúil, an Rialtas agus an geilleagar a thuiscint
- Aonad 7: Díríonn Timpeallacht idirnáisiúnta ar chumas a thabhairt don scoláire na deiseanna agus na dúshláin atá amach roimh ghnó na hÉireann sa timpeallacht idirnáisiúnta a thuiscint.

Dearadh siollabas Ghnó na hArdteistiméireachta chun leanúnachas ón Teastas Sóisearach a chur ar fáil ach is féidir staidéar a dhéanamh air ab initio. Is mar a chéile na torthaí foghlama thar sheacht n-aonad go ginearálta in ardleibhéal agus i ngnáthleibhéal agus deartar roinnt acu le haghaidh measúnaithe ar ardleibhéal amháin.

## An Ardteistiméireacht Fheidhmeach

Tugann an scoláire laistigh de Chlár na hArdteistiméireachta Feidhmí faoi mhodúl riachtanach in Ullmhúchán don Obair agus Gairmthreoir agus cuimsítear leis sin oideachas agus ullmhúchán fiontraíochta le haghaidh an tsaoil oibre. Cuimsítear fócas leis an modúl Oideachas Sóisialta ar oideachas pearsanta airgeadais agus cuirtear Riarachán Oifige agus Cúram Custaiméirí ar fáil mar speisialachas gairme agus díríonn sé ar mhiondíol, riarachán oifige agus ar an gcustaiméir.

## Gairmchlár na hArdteistiméireachta

Is ceann de dhá mhodúl é Oideachas Fiontraíochta laistigh de Ghairmchlár na hArdteistiméireachta. Tá sé mar aidhm ag an modúl cruthaitheacht, seiftiúlacht, féinmhuinín, agus tionscnaíocht a fhorbairt trí rannpháirtíocht le gníomhaíochtaí ar nós iniúchadh a dhéanamh ar gnólachtaí áitiúla, rannpháirtíocht le daoine fiontracha, agus a dtionscadail fiontraíochta féin a chur ar bun. Cuireann an dara modúl, Ullmhúchán do Shaol na hOibre deis ar fáil don scoláire machnamh a dhéanamh ar fhostaíocht agus ar rialacháin agus reachtaíocht ábhartha (RÓS, 1994).

## An Idirbhliain

Molann Treoirínte de chuid Clár na hidirbhliana gnó agus fiontraíocht mar ghné de chlár na hidirbhliana. Bíonn bunú mionchuideachta, feasachta tomhaltóirí, tionscnaíocht agus/nó comórtais nuálaíochta sóisialta ina gcuid de chlár na hidirbhliana ina lán scoileanna.

## Gnó na hArdteistiméireachta i bhfócas

Déanann an chuid seo scrúdú ar na rátaí rannpháirteacha i nGnó na hArdteistiméireachta ag baint úsáid as staitisticí ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) agus cuireann sé dearcadh ar fáil ar mheasúnú don teistiúchán chomh maith le roinnt léargas i rannpháirtíocht an scoláire le réimsí éagsúla de shiollabas reatha Ghnó na hArdteistiméireachta bunaithe ar an tuarascáil is deireanaí de CSS Príomhscrúdaitheoir Ghnó.

### Rannpháirtíocht an scoláire

Is mó an tóir atá ar ghnó le hais na dtrí ábhar gnó sa tsraith shinsearach. Tá méadú ar na rátaí rannpháirtíochta de réir an mhéadaithe atá tagtha ar líon na n-iarrthóirí san Ardteistiméireacht go bliantúil.

Tábla 1: Líon na scoláirí ag déanamh Gnó na hArdteistiméireachta ag ardleibhéal agus ag gnáthleibhéal 2017-2021 (CSS Staitisticí Scrúdaithe Bliantúla 2017-2021)

| Bliain | Ardleibhéal | Gnáthleibhéal | Iarrthóirí Iomlána | Iarrthóirí Iomlána san Ardteistiméireacht | Gnó mar % d'Iarrthóirí Iomlána |
|--------|-------------|---------------|--------------------|---|--------------------------------|
| 2021   | 15572       | 2460          | 18032              | 59852                                     | 30%                            |
| 2020   | 15225       | 2676          | 17901              | 57569                                     | 31%                            |
| 2019   | 13805       | 3521          | 17326              | 56.071                                    | 31%                            |
| 2018   | 13329       | 3638          | 16967              | 54.440                                    | 31.1%                          |
| 2017   | 13219       | 4354          | 17573              | 55.770                                    | 31.5%                          |

Tábla 2: Líon na scoláirí ag déanamh Ábhair Ghnó san Ardteistiméireacht 2017-2021 (CSS Staitisticí Scrúdaithe Bliantúla 2017-2021)

| Bliain | Gnó   | Cuntasaíocht | Eacnamaíocht | Iarrthóirí Iomlána san Ardteistiméireacht |
|--------|-------|--------------|--------------|---|
| 2021   | 18032 | 8326         | 5465         | 59.852                                    |
| 2020   | 17901 | 8107         | 5746         | 57.569                                    |
| 2019   | 17326 | 7907         | 5863         | 56.071                                    |
| 2018   | 16967 | 7148         | 5765         | 54.440                                    |
| 2017   | 17573 | 6904         | 5856         | 55.770                                    |

### Measúnú don teistiúchán

Tá an scrúdú Gnó bunaithe ar scrúdú scríofa deiridh ag gnáthleibhéal agus ag na hardleibhéil le scrúdpháipéar amháin. Maireann an scrúdú ardleibhéil trí uair an chloig agus tá 300 marc ar fáil d'iarrthóirí aige. Maireann an scrúdú gnáthleibhéil dhá uair go leith agus tá 300 marc ar fáil

d'iarrthóirí aige freisin. Cuireadh marcáil ar líne i láthair do Ghnó na hArdteistiméireachta in 2020 ag ardleibhéal<sup>2</sup> agus cuirfear leis in 2022 chun gnáthleibhéal a chur san áireamh freisin.

### **Ardleibhéal**

Cuimsítear trí chuid leis an **scrúdú ardleibhéil**:

**Cuid 1 [20%] Ceisteanna Gearrfhreagra:** Bíonn réimse ceisteanna ann ar fud an tsiollabais ar fad agus tugann na hiarrthóirí freagra ar na ceisteanna laistigh den leabhrán freagraí.

**Cuid 2 [20%] Ceist ar Ghnó Feidhmeach (CGF):** Is ceist í seo ar stíl cás-staidéir agus tá sé riachtanach do gach iarrthóir. Tá leithdháileadh marcanna de mhéid 80 marc ag CGF agus tá sé bunaithe ar thrí aonad roghnaithe ón siollabas gnó agus iarrann sé ar an scoláire a thuiscint ar ghnó a chur i bhfeidhm sa chás-staidéir.

**Cuid 3 [60%] Ceisteanna Plé:** Déantar na ceisteanna seo a ghrúpáil ina ndá chuid le rogha an iarrthóra. Cuimsítear le Cuid a hAon ceisteanna a bhaineann le daoine i ngnó agus leis an timpeallacht ghnó agus cuimsítear ceisteanna a bhaineann le cúrsaí fiontraíochta le Cuid a Dó.

### **Gnáthleibhéal**

Cuimsítear dhá chuid leis an **scrúdú gnáthleibhéil**:

**Cuid 1 [25%] Ceisteanna Gearrfhreagra:** Arís bíonn réimse ceisteanna ann ar fud an tsiollabais ar fad agus tugann na hiarrthóirí freagra ar na ceisteanna laistigh den leabhrán freagraí.

**Cuid 2 [75%] Ceisteanna Plé:** Déantar na ceisteanna a ghrúpáil ina ndá chuid thar sheacht n-aonad le rogha an iarrthóra.

### **Ionchais an scoláire ar ghnáthleibhéal agus ar ardleibhéal**

Iarrtar ar an scoláire atá ag staidéar ar ghnáthleibhéal 'eolas agus tuiscint ar ábhar an tsiollabais a thabhairt chun cuimhne agus a thaispeáint' ach chomh maith leis sin iarrtar ar an scoláire atá ag staidéar ar ardleibhéal 'eolas níos doimhne ar ábhar an tsiollabais a thaispeáint; téarmaí gnó a chur i bhfeidhm, chomh maith le coincheapa agus teoiricí; an t-eolas a thugtar a roghnú, a eagrú, a léirmhíniú agus a úsáid; fianaise a mheas, breithiúnais réasúnta a dhéanamh agus conclúidí a chur i láthair go cruinn agus mar is cuí' (CSS, 2015 lch. 11).

---

<sup>2</sup> Cuireadh socruithe athbhreithnithe measúnaithe i bhfeidhm mar thoradh ar an bpaindéim Covid-19 in 2020. Fuair an scoláire gráid ríofa agus bhí sé de rogha aige an páipéar a dhéanamh i mí na Samhna 2020. Rinneadh tuilleadh athbhreithnithe ar shocruithe measúnaithe le haghaidh 2021 agus mar gheall air sin, bhí sé de rogha ag an scoláire an scrúdú scríofa a dhéanamh, agus rogha eile chun an grád ab fhearr a roghnú nuair a rinne sé an páipéar scríofa agus nuair a fuair sé grád tuartha.

## Léargas ó Thuarascáil an Phríomhscrúdaitheora 2015

Foilsíodh Tuarascáil an Phríomhscrúdaitheora is deireanaí don Ghnó tar éis an scrúdaithe in 2015 agus cuireann sé sonraí ar fáil faoin tóir atá ar gach ceist sa scrúdú an bhliain sin. Tugann na sonraí seo léargas faoi na roghanna a rinne an scoláire sa scrúdú agus cuireann sé breathnuithe ar fáil ón bPríomhscrúdaitheoir.

### Ardleibhéal

Is iondúil go ndéanann an scoláire go maith ar Chuid 1 (ceisteanna gearrfhreagra) le 74% mar mheánmharc a fuair na hiarrthóirí in 2015. Ach, tugann an Príomhscrúdaitheoir faoi deara go 'leanann scrúdaitheoirí ar aghaidh ag léiriú imní faoi iarrthóirí nach dtuigeann na riachtanais den cheist ghnó feidhmeach de réir dealraimh (CGF)' (CSS, 2015, lch. 11). Tá sé seo suntasach mar gur fiú 20% é an CGF d'iomlán na marcanna atá le fáil sa scrúdú agus tá sé riachtanach do na hiarrthóirí ardlleibhéil. Agus an scoláire ag tabhairt faoin CGF (Cuid 2), tá iallach air a eolas agus tuiscint ar an teoiric ghnó a úsáid chomh maith le naisc ábhartha a chur ar fáil laistigh den téacs CGF a léiríonn tuiscint ar an teoiric a cuireadh i láthair.

I gCuid 3, ba í Ceist 1 an cheist a raibh an tóir ba mhó uirthi a dhíríonn ar Aonad 1 (Daoine i nGnó) ach in ainneoin seo, bhí éagsúlacht ann maidir le feidhmíocht an scoláire ó 'ar fheabhas go dtí caighdeán réasúnta íseal' agus d'fhág go leor mac léinn codanna den cheist ar lár ar theastaigh scileanna meastóireachta uathu. Tarraingítear tuilleadh airde air seo sa chuid 'Moltaí do Mhúinteoirí agus don Scoláire' den tuarascáil agus molann an Príomhscrúdaitheoir gur cheart don scoláire tabhairt faoi smaointeoireacht chriticiúil sa rang chun a scileanna i meastóireacht agus i mbreithiúnas a fhorbairt. Ina iomláine, fuair scrúdaitheoirí amach gur chuir an scoláire sleachta móra i láthair a raibh ábhar neamhábhartha iontu agus é ag tabhairt freagra ar cheisteanna plé nach raibh dóthain 'samplaí agus/nó staitisticí a bhí ábhartha nó suas chun dáta iontu' (CSS, 2015, lch24).

Is iondúil go mbíonn na ceisteanna in Aonad 6 (Timpeallacht bhaile) agus in Aonad 7 (Timpeallacht idirnáisiúnta) tráthúil de bharr go bhfuil siad bunaithe ar an timpeallacht ghnó reatha. Is iad sin na ceisteanna a bhfuil an tóir is lú orthu do na hiarrthóirí, treocht a fheictear atá de réir na mblianta scrúdaithe seo caite (CSS, 2015, lch. 11).

### Gnáthleibhéal

Déanann an scoláire go maith ar Chuid 1 freisin (Ceisteanna gearrfhreagra) sa scrúdú gnáthleibhéil. Maidir leis na ceisteanna plé i gCuid 2, Aonad 1 (Daoine i nGnó) is í an cheist a bhfuil an tóir is mó uirthi, ach an oiread leis an treocht a chonacthas in ardlleibhéal agus arís eile, ní raibh mórán tóra ar na hAonaid 6 ná 7 i measc na mac léinn.

Tugadh faoi deara go raibh dúshlán roimh roinnt mac léinn a roghnaigh an scrúdú gnáthleibhéil agus ceisteanna ina raibh graif agus cairt ag teastáil, i gceisteanna eile tugadh faoi deara nach raibh an scoláire ag taispeáint a dhóthain eolais ar an teoiric ghnó ábhartha.

Is iad na sonraí a bhaineann le rogha ceisteanna scrúdaithe an scoláire agus breathnuithe an Phríomhscrúdaitheora a chuireann roinnt léargais ar fáil maidir le peirspictíochtaí an scoláire ar ghnéithe éagsúla de ghnó agus maidir le forbairt agus cur i bhfeidhm na scileanna ábhartha. Cuireann sé seo comhthéacs suimiúil ar fáil le plé agus an tsonraíocht nua do ghnó á forbairt.

## Achoimre roinne

- Tá roinnt deiseanna ag an scoláire le bheith rannpháirteach i bhfoghlaim a bhaineann le gnó ar fud na sraithe sinsearaí san Ardteistiméireacht Bhunaithe reatha, i nGairmchlár na hArdteistiméireachta, i gClár na hArdteistiméireachta Feidhmí agus san Idirbhliain.
- Ag teacht isteach don tSonraíocht nua do Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí cuireadh béim athnuaithe ar thuiscint an scoláire ar an gcaoi a bhfuil staidéar gnó bainteach lena shaol laethúil, lena phobal, agus leis an timpeallacht náisiúnta agus idirnáisiúnta.
- Cuirtear béim shuntasach ar fhorbairt an ghnó i Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí - scileanna bainteacha ar nós scileanna anailíseacha, smaointeoireacht chriticiúil, réiteach fadhbanna, obair foirne agus cumarsáid. Tugtar tacaíocht d'fhorbairt scileanna trí Mheasúnuithe Rangbhunaithe.
- Cé nach réimse neamhspleách foghlama é gnó sa luathóige agus in oideachas na bunscoile, tá deiseanna ag páistí a litearthacht airgeadais a fhorbairt agus chun tuiscint bhunúsach a fhorbairt ar ghnó ina bpobal.
- Is mó an tóir atá ar ghnó le hais na dtrí ábhar gnó san Ardteistiméireacht ó thaobh roghnú an scoláire de. Cuimsítear leis an siollabas reatha Ghnó na hArdteistiméireachta 7 n-aonad de staidéar ar feadh tréimhse dhá bhliain. Tá measúnú sa siollabas reatha ghnó bunaithe ar scrúdú seachtrach deiridh le scrúdpháipéar amháin.
- Táthar ag súil go léireoidh an scoláire ar ghnáthleibhéal eolas agus tuiscint ar ábhar an tsiollabais agus i dteannta leis sin ba cheart go mbeadh an scoláire ar ardleibhéal a bheith in ann teoiricí gnó a chur i bhfeidhm chun tabhairt faoi cheisteanna agus faoi dheacrachtaí, chomh maith leis an eolas atá tugtha a léirmhíniú agus a úsáid chun breithiúnais réasúnta a dhéanamh agus chun teacht ar chonclúidí.
- Cuimsítear ceist leis an scrúdú ardleibhéil ar stíl cás-staidéir ina n-iarrtar ar an scoláire a thuiscint ar an teoiric ghnó a chur i bhfeidhm i gcás-staidéar.
- Cuireann tuarascáil an Phríomhscrúdaitheora is deireanaí na réimsí den siollabais chun solais is mó a thaitníonn leis an scoláire i scrúduithe agus is ísle an tóir atá ar na haonaid ina bhfuil timpeallacht thráthúil bhaile agus timpeallacht idirnáisiúnta iontu. Cuireann an tuarascáil an gá go ndéanfaidh an scoláire tuilleadh forbartha ar a scileanna anailíseacha agus ar a scileanna smaointeoireachta criticiúla ionas go mbeidh sé in an a fhoghlaim a



## 4. Treochtaí idirnáisiúnta in oideachas gnó na meánscoile sinsearaí

---

Déanann an chuid seo machnamh ar an tírdhreach oideachais gnó go hidirnáisiúnta. Is é an t-athbhreithniú ar oideachas gnó sa dara leibhéal i roinnt dlínsí: Tuaisceart Éireann, Albain, An Astráil (Queensland agus New South Wales) agus an Nua-Shéalainn a thaispeánann na príomhlimistéir staidéir laistigh de churaclaim ar fud na cruinne agus cuireann sé roinnt peirspictíochtaí ar fáil ar struchtúir churaclaim gnó sa mheánscoil shinsearach chomh maith le cuir chuige maidir le measúnacht. Roghnaíodh na dlínsí seo le haghaidh athbhreithnithe mar go gcuireann siad an curaclam ar fáil i mBéarla, cuireann siad sonraíochtaí na sraithe sinsearaí a bhaineann le gnó leo féin ar fáil agus tá a gcur chuige cosúil leis an gcaoi a bhfreastalaítear ar oideachas gnó laistigh de chóras oideachas na hÉireann ag leibhéal na meánscoile sinsearaí. Lena ais seo, i roinnt dlínsí ar nós na Fionlainne, fitear staidéar an ghnó ag leibhéal na meánscoile sinsearaí isteach i réimsí ábhair uileghabhálacha eile ach cuireann dlínsí eile ar nós na Fraince staidéar ar Bhainistíocht gnó le hEacnamaíocht.

Cuireann an léargas seo a leanas ar na cúig dhlínse roinnt samplaí úsáideacha ar fáil de chuir chuige a d'fhéadfadh a bheith ina gcabhair chun plé a spreagadh maidir le forbairt ar shonraíocht do Ghnó na hArdteistiméireachta.

### Tuaisceart Éireann

Is é Curaclam Thuaisceart Éireann, ar shocraigh an Chomhairle Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnachta (CCSM) é, a chuireann réimse leathan ábhar ar fáil don scoláire le haghaidh oideachas na hiar-bhunscoile. Is é Teastas Ginearálta an Mheánoideachais (TGM) an deireadh d'oideachas riachtanach i dTuaisceart Éireann. Leanann roinnt mac léinn agus iad 16 bliain d'aois ar aghaidh ar scoil agus déanann siad cinneadh staidéar a dhéanamh le haghaidh cáilíochtaí Bunleibhéil, Cáilíochtaí Gairme, nó Teastas Ginearálta an Oideachais (TGO). D'fhéadfadh gurb aonaid AS nó A2 a bheadh ann nó meascán díobh. Is iondúil gurb iad na daoine a roghnaíonn na leibhéil TGO a roghnaíonn trí nó ceithre ábhar. Is ionann Gnó na Sraithe Sinsearaí agus cúrsaí AS agus A2, ach chuirfí gnéithe de i láthair ag leibhéal TGM in ábhair ar nós Staidéar Gnó, agus Córais Ghnó agus Chumarsáide.

Tá dhá shonraíocht TGO bainteach le Gnó na meánscoile sinsearaí: Staidéar Gnó TGO agus Seirbhísí Gairmiúla Gnó TGO. Tá an dá cheann acu ar fáil ag leibhéal AS agus A2.

### Staidéar Gnó TGO

Déanann an scoláire atá ag tabhairt faoi [Staidéar Gnó TGO](#) aonaid AS ionramháil ar struchtúir ghnó agus ar an tábhacht le hearcaíocht agus lucht saothair ar ardchaighdeán a thraenáil le linn dó a bheith ag déanamh iniúchadh ar ról an eolais airgeadais i gcinnteoireacht ghnó. Foghlaimíonn an scoláire atá ag tabhairt faoi na haonaid A2 faoi phleanáil i ngnó agus faoin gcaoi a n-imríonn domhandú agus inbhuanaitheacht tionchar ar ghnó (CCSM, 2016).

Cuimsítear ceithre aonad leis an tsonraíocht TGO:

- Aonad AS 1: Cuireann Réamhrá do Ghnó an saol gnó i láthair chomh maith leis an tábhacht chriticiúil atá le hardchaighdeán i margadh iomaíoch ó earcaíocht go táirgeadh
- Aonad AS 2: Cuireann Méadú Gnó béim ar phoitéinseal na teicneolaíochta laistigh de ghnó lena n-áirítear margáíocht agus airgeadas agus an tábhacht atá le cinnteoireacht

- Aonad A2 1: Dírionn Cinnteoireacht Straitéiseach ar ghnó a phleanáil agus an gá le riosca a bhainistiú, lena n-áirítear riosca airgeadais
- Aonad A2 2: Déanann an Timpeallacht Iomaíocht Ghnó staidéar ar an gcaoi a n-imríonn athrú ar ghnólachtaí agus ar an gcaoi a bhfreagraíonn siad d'athrú i dtimpeallachtaí dinimiciúla atá tiomanta ag teicneolaíocht, lena n-áirítear fócas ar chúrsaí eitice agus ar inbhuanaitheacht (CCSM, 2016).

### Measúnú

Tá ceithre aonad measúnaithe seachtracha ann, ceann in aghaidh gach aonad sonraíochta. Dírionn measúnú ar eolas, tuiscint agus anailísiú an scoláire ar an ábhar a mheas laistigh de gach aonad. Úsáidtear cás-staidéir go forleathan thar na ceithre aonad measúnaithe ina bhfuil iallach ar an scoláire a fhoghlaim a chur i bhfeidhm le scileanna cumarsáide scríofa an scoláire chomh maith lena scileanna cainníochtúla a mheas mar chuid den phróiseas measúnaithe.

### Seirbhísí Gairmiúla TGO

Tá sé mar aidhm ag sonraíocht na [Seirbhísí Gairmiúla TGO](#) dul i ngleic leis an mbearna scile i réimse den gheilleagar atá ag fás ach deiseanna a sholáthar d'oibrithe atá cáilithe agus oilte go cuí (CCSM, 2017). Faigheann an scoláire a thugann faoi na haonaid AS tuiscint ar acmhainní daonna agus foghlaimíonn sé faoi chinnteoireacht airgeadais agus faigheann an scoláire a thugann faoi na haonaid A2 léargas i dteicneolaíocht, ceannaireacht, agus bainistíocht chomh maith le scileanna agus próisis a bhaineann le bainistíocht tionscadail.

Cuimsítear sé aonad leis an tsonraíocht TGO:

- Aonad AS 1: Cuireann Réamhrá do Sheirbhísí Gairmiúla Gnó an timpeallacht ghairmiúil de sheirbhísí gnó i láthair don scoláire
- Aonad AS 2: Dírionn Seirbhísí Acmhainní Daonna ar acmhainní daonna sa timpeallacht seirbhísí gairmiúla gnó
- Aonad AS 3: Dírionn Cinnteoireacht Airgeadais ar thacaíocht a thabhairt do chinnteoireacht fheasach airgeadais
- Aonad A2 1: Déanann Teicneolaíocht i nGnó ionramháil ar shlándáil, sonraí, agus deacrachtaí sóisialta, morálta agus eitice i seirbhísí teicneolaíochta
- Aonad A2 2: Déanann Ceannaireacht agus Bainistíocht machnamh ar an gcaoi ar féidir le seirbhís phroifisiúnta gnó tacaíocht a thabhairt do bhainistíocht feidhmíochta, agus d'fhoirne agus d'athrú a bhainistiú
- Aonad A2 3: Déanann Scileanna agus Próisis Bainistíochta Tionscadail ionramháil ar na céimeanna riachtanacha a bhaineann le bainistíocht rathúil tionscadail (CCSM, 2017).

### Measúnú

Tá sé aonad measúnaithe ann san iomlán, ceann in aghaidh gach aonad sonraíochta. Tá measúnacht inmheánach (40%) agus seachtrach (60%) agus dírionn sé ar eolas, tuiscint agus anailísiú an scoláire ar an ábhar a mheas laistigh de gach aonad. Cuimsítear leis na haonaid mheasúnaithe A2 codanna de mheasúnacht achomair, rud a spreagann iarrthóirí a dtuiscint ar an ábhar ina iomláine a fhorbairt agus cuirtear deiseanna ar fáil don scoláire chun scileanna smaointeoireachta ardoird a fhorbairt. Cuimsítear le modhanna measúnaithe punann d'fhianaise, scríbhneoireacht tuairiscí bunaithe ar bhunthaighde agus ar thaighde tánaisteach, chomh maith le cás-staidéir agus scrúduithe scríofa.

## Albain

Ag leibhéal na meánscoile sinsearaí tugann scoláire na hAlban faoi Theastas Cáilíochtaí na hAlban (TCA) is cáilíochtaí iad seo a chuireann Údarás Cáilíochtaí na hAlban ar fáil (ÚCA). Is iondúil go nglacann formhór na mac léinn le *National 4/5* agus le Cáilíochtaí níos airde. Is iondúil Gnó na Sraithe Sinsearaí agus an cúrsa Bainistíochta Gnó níos airde, rud a chuireann leis na bunchlocha agus leis an bhfoghlaim sa Chúrsa gnó *National 3* agus *National 4* agus le *National 5* cúrsa Bainistíochta Gnó na meánscoile sinsearaí. Cuireann sé bunús ar fáil le haghaidh dul chun cinn a dhéanamh chuig an Ardchúrsa Bainistíochta Gnó Níos Airde. Déanann an cúrsa [Bainistíochta Gnó Níos Airde](#) machnamh ar Churaclam um Fheabhas (Curriculum for excellence), agus ar chríocha agus ar phrionsabail chun deiseanna maithe a chur ar fáil don scoláire chun cur níos mó le buanna agus láidreachtaí de chuid ceithre chumas bunúsach: le bheith mar fhoghlaiméoir rathúil, duine muiníneach aonair, saoránach freagrach agus mar rannpháirtí éifeachtach.

### Ardchúrsa Bainistíochta Gnó

Deartar an cúrsa chun tacú leis an scoláire chun tuiscint a fháil ar an timpeallacht dhinimiciúil, iomaíocht de thionsclaíocht agus d'fhiontraíocht atá ag athrú agus ar na timpeallachtaí a bhfeidhmíonn eagraíochtaí iontu. Cuirtear béim ar scileanna a fhorbairt i dtaighde, anailísiú, cumarsáid agus in eolas a bhaineann le cúrsaí gnó a chur trasna agus a chur i láthair (SQA, 2018 lch. 2).

Cuimsítear cúig réimse staidéir leis an gcúrsa:

- Tuiscint a fháil ar ghnó lena n-áirítear réimsí ar nós iniúchadh a dhéanamh ar ról an ghnó sa tsochaí, ar fhás eagraíochtúil, agus ar chinnteoireacht
- Margaíocht a bhainistiú lena n-áirítear tuiscint a fháil ar na codanna éagsúla de mhargaíocht agus ar ról na teicneolaíochta
- Oibríochtaí a bhainistiú lena n-áirítear modhanna táirgthe, rialú cáilíochta, imní faoi chúrsaí eitice agus timpeallachta, agus tionchar na teicneolaíochta
- Daoine a bhainistiú lena n-áirítear pleanáil lucht saothair, ceannaireacht, reachtaíocht, agus poitéinseal na teicneolaíochta
- Airgeadas a bhainistiú lena n-áirítear foinsí airgeadais, buiséadú, agus an tábhacht atá le teicneolaíocht.

### Measúnú

Díríonn cuir chuige measúnaithe ar 'fhairsinge, dúshlán agus cur i bhfeidhm' (SQA, 2018 lch. 9). Iarrtar ar an scoláire a fhoghlaim a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna éagsúla, i ndeacrachtaí a bhaineann le cúrsaí gnó, taighde a dhéanamh ar eolas agus an t-eolas a léirmhíniú, a anailísiú agus a mheas chun smaointe agus tuairimí casta a chur in iúl ó réimse leathan comhpháirteanna. Tá dhá chomhpháirt ag baint leis an gcúrsa measúnaithe:

- Scrúdú seachtrach scríofa (75%) le cás-staidéar agus ceisteanna a dhéanann an t-eolas agus an tuiscint a mheas ar fud an chúrsa. Is é Údarás Cáilíochtaí na hAlban (SQA) a shocraíonn agus a mharcálann é seo.
- Measúnú atá bunaithe ar thuarascáil (25%) ina ndéanann an scoláire taighde ar eolas agus ina ndéanann sé an t-eolas a anailísiú; chomh maith leis sin, déanann sé tuarascáil ghnó ach úsáid a bhaint as na ceannteidil atá curtha ar fáil lena n-áirítear eolas a anailísiú, tátail a bhaint, agus moltaí a dhéanamh. Roghnaíonn an scoláire a ábhar féin chun taighde a dhéanamh air. Is é an SQA a shocraíonn agus a mheasann an measúnú seo, agus cinntíonn an SQA cáilíocht na marcála ar fad.



## Queensland

Is féidir leis an scoláire i Queensland staidéar a dhéanamh ar Ghnó sinsearach mar ceann de réimse ábhar laistigh de na hábhair daonnachtaí agus na heolaíochtaí sóisialta. Is fiú suas go dtí ceithre chreidiúint de chuid Theastas Oideachais Queensland (Queensland Certificate of Education) agus cuirtear san áireamh é i Rangú Iontrála Treasaí na hAstráile (Australian Tertiary Admission Rank) le haghaidh dul chun cinn go dtí oideachas treasach.

### Gnó QCE

Cuireann [Siollabas Gnó](#) sinsearach ginearálta QCE deiseanna ar fáil don scoláire chun eolas agus scileanna gnó a fhorbairt a chuidíonn leis cur go bríoch leis an tsochaí, leis an lucht saothair agus leis an margadh agus ullmhaíonn sé é le haghaidh ról mar fhostaí, fostóir, ceannaire, bainisteoir agus fiontraí féideartha (QCAA, 2019 lch. 1). Le linn a staidéar, foghlaimíonn an scoláire faoi

- Cruthú gnó a dhíríonn ar na bunchlocha de ghnó agus ar smaointe gnó a chruthú (Aonad 1)
- Méadú gnó a dhíríonn ar ghnó a bhunú agus ar dhul isteach i margaí (Aonad 2)
- Éagsúlacht a chruthú i ngnó a dhíríonn ar mhargaí iomaíocha agus ar fhorbairt straitéiseach (Aonad 3)
- Forbairt gnó a dhíríonn ar sheasamh úr a thabhairt do ghnó agus ar ghnó a athrú ó bhonn (Aonad 4).

### Measúnú

Cuimsítear ceithre chuid le measúnacht ina iomláine le 75% de mheasúnú inmheánach agus 25% de mheasúnú seachtrach. Roinntear na comhpháirteanna mar seo a leanas:

- A) scrúdú – freagra measctha (25%)
- B) iniúchadh – tuarascáil ghnó (25%)
- C) freagra fada – tuarascáil indéantachta (25%)
- D) scrúdú – freagra measctha (25%)

Cuirtear treoracha marcála ar fáil atá sonrath don uirlis do gach gné agus cuirtear béim ar chumas an scoláire míniú a thabhairt, cur síos a dhéanamh, a mheas, a anailísiú, a chomhtháthú agus a chur in iúl. Tugtar faoi Chomhpháirt A agus B nuair a chríochnaítear Aonad 1, 2 agus 3 agus is measúnuithe inmheánacha iad ar fad. Tugtar faoi Chomhpháirt C agus D nuair a chríochnaítear Aonad 4. Déantar measúnú ar an tuarascáil indéantachta go himmheánach ach déantar measúnú ar an scrúdú go seachtrach.

Cuireann Queensland [Siollabas Fheidhmeach Staidéar Gnó ag an leibhéal sinsearach](#) ar fáil, rud a chuireann deiseanna ar fáil don scoláire chun eolas praiticiúil gnó a fhorbairt agus chun tacú le hobair agus le rannpháirtíocht i réimse comhthéacsanna gnó (QCCA, 2019). Le linn a staidéar, foghlaimíonn an scoláire faoi chleachtais ghnó agus feidhmeanna gnó. Tá trí chomhpháirt ag baint le measúnú i Staidéar Gnó ina iomláine agus tá sé 100% inmheánach. Scaiptear na marcanna thar chomhpháirteanna éagsúla lena n-áirítear tionscadal, measúnú freagra fada agus scrúdú, agus déantar measúnú orthu ar fad go himmheánach.

## New South Wales

### Staidéar Gnó HSC

Is féidir le scoláire i New South Wales staidéar a dhéanamh ar [Staidéar Gnó ag Céim 6](#) mar ábhar laistigh den tSochaí Daonna agus laistigh dá chúrsaí Timpeallachta a d'fhorbair an bord i mbliain 11 agus 12 mar chuid dá staidéar le haghaidh an Teastais Ardscoile (Higher School Certificate).

Cuireann an siollabas Staidéar Gnó Céim 6 deiseanna ar fáil don scoláire chun tuiscint a fhorbairt ar an gcaoi a nasctar na gnéithe teoiriciúla agus praiticiúla de ghnó. Déanann an scoláire staidéar ar dheacrachtaí tráthúla gnó trí chás-staidéir agus cuireann sé a eolas gnó i bhfeidhm i bhfadhbanna agus i gcásanna a thagann chun cinn i dtimpeallachtaí réalaíocha gnó (NSW Bord Staidéar 2010 lch. 5).

Cuimsítear leis an siollabas réamhchúrsa le trí thopaic:

- Nádúr an ghnó a dhíríonn ar thuiscint a fháil ar ról agus nádúr an ghnó i dtimpeallacht gnó atá ag athrú
- Bainistíocht gnó a dhíríonn ar nádúr agus freagrachtaí nó ar bhainistíocht sa timpeallacht gnó
- Pleanáil gnó a dhíríonn ar an bpróiseas chun gnólachtaí beaga agus meánacha a bhunú agus a phleanáil

Tá ceithre ábhar eile ann don HSC:

- Díríonn oibríochtaí ar straitéisí le haghaidh bainistíocht oibríochta éifeachtach
- Díríonn margaíocht ar straitéisí margaíochta rathúla a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm
- Díríonn airgeadas ar an ról chun eolas airgeadais a léirmhíniú nuair atáthar ag pleanáil agus ag bainistiú gnó
- Acmhainní Daonna, a dhíríonn ar ionchur de bhainistíocht acmhainní daonna go dtí feidhmíocht an ghnó.

Cuimsítear leis an dá chúrsa, fócas láidir ar iniúchadh an scoláire agus iarrann an clár HSC ar an scoláire dul i ggleic le hanailís reatha chriticiúil agus measúnú.

### Measúnú

Déantar éacht an scoláire a mheas ag deireadh Bliain 11 agus déantar é a mheas arís ag deireadh Bliain 12 chomh maith le scrúdú seachtrach HSC.

Tá an measúnú Bliain 11 bunaithe ar scoil agus caithfidh trí thasc measúnaithe a bheith san áireamh leis, níl cead ach ceann amháin a bheith ina scrúdú foirmiúil. Ba cheart go sannfaí 40% d'eolas agus tuiscint ar ábhar an chúrsa, 20% do scileanna bunaithe ar spreagadh, 20% d'fhiosrúchán agus taighde agus 20% do chumarsáid an eolais gnó, smaointe gnó, agus deacrachtaí gnó i bhfoirmeacha cuí. Tá an measúnú Bliain 12 bunaithe ar scoil freisin agus caithfidh ceithre thasc measúnaithe ar a mhéad a bheith san áireamh leis, níl cead ach ceann amháin a bheith ina scrúdú foirmiúil le hualú de 30% ar a mhéad. Arís eile, ba cheart go sannfaí 40% d'eolas agus tuiscint ar ábhar an chúrsa, 20% do scileanna bunaithe ar spreagadh, 20% d'fhiosrúchán agus taighde agus 20% do chumarsáid an eolais gnó, smaointe gnó, agus deacrachtaí gnó i bhfoirmeacha cuí.

Iarrann an scrúdú seachtrach HSC ar iarrthóirí eolas, tuiscint agus scileanna forbartha a chomhtháthú ach staidéar a dhéanamh ar an gcúrsa Staidéar Gnó agus cuimsítear leis páipéar scríofa le ceisteanna freagra cuspóra, ceisteanna gearrfhreagra, agus ceist phlé amháin i leagan amach tuarascála gnó.

## An Nua-Shéalainn

### Staidéar Gnó NCEA

Is réimse í [Staidéar Gnó](#) den churaclam eolaíochta sóisialta sna blianta 11-13 sa Nua-Shéalainn. Díríonn staidéar gnó laistigh de churaclam na Nua-Shéalainne ar an gcaoi a n-eagraíonn, a bpleanálann agus a ngníomhaíonn daoine chun earraí agus seirbhísí a chruthú agus a fhorbairt le húsáid (NZMoE, 2014).

Tá tionchar ag gnó ar dhálaí an lae, lena n-áirítear dálaí cultúrtha, timpeallachta, polaitiúla agus eacnamaíochta, ar an gcaoi chéanna, imríonn na dálaí seo tionchar ar ghnó. Tá deacrachtaí ar nós inbhuanaitheacht, saoránacht, tionscnaíocht, agus domhandú lárnach do Ghnó agus do Staidéar Gnó. Táthar ag súil go mbeidh an t-eolas agus scileanna a fhaightear i Staidéar Gnó, agus i dtaithí i gcultúr fiontraíochta ina gcabhair chun daoine óga atá 'cruthaitheach, bríomhar agus fiontracha' a mhúnlú (NZMoE, 2020).

Cuidíonn Staidéar Gnó leis an scoláire a thuiscint ar an teoiric agus ar chleachtais ghnó a fhorbairt i réimse leathan comhthéacsanna ábhartha trí chuir chuige ó thaithí agus theoriciúla maidir le foghlaim agus trí thuiscint a fhorbairt ar an gcaoi a mbaineann gnó lena shaol féin (NZMoE, 2014). Tá cúig phríomhthéama laistigh de shiollabas Staidéir Ghnó sa Nua-Shéalainn:

- Cuimsítear le Foirmiú Gnó, tuiscint a fháil ar na cineálacha gnólachtaí agus ar na struchtúir eagraíochtúla éagsúla
- Cuimsítear le Feidhmeanna an Ghnó plean gnó a fhorbairt, pleanáil straitéiseach, agus nuálaíocht i ghnó
- Cuimsítear le Daoine i nGnó eagraíocht, cearta agus freagrachtaí, fiontraíocht, cultúr eagraíochtúil, agus bainistíocht straitéiseach acmhainní daonna
- Cuimsítear le Bainistíocht Gnó bainistíocht airgeadais, cinnteoireacht, meastóireacht agus breithmheas i ghnó agus maoin intleachtúil
- Díríonn Timpeallacht Ghnó ar na gnéithe dlíthiúla, eacnamaíochta agus timpeallacha de ghnó, treochtaí domhanda, ionchais eitice, agus bainistíocht riosca.

Leagtar an siollabas amach i bhfoirm na gculpóirí foghlama do gach ceann de na téamaí seo thar thrí leibhéal a mhéadaíonn ó thaobh castachta de ó leibhéal 7 go dtí leibhéal 9.

### Measúnú

Deir Curaclam na Nua-Shéalainne gurb é 'príomhchuspóir an mheasúnaithe ná chun feabhas a chur ar fhoghlaim an scoláire' agus ar theagasc an mhúinteora 'de bharr go dtéann an t-eolas a chuireann sé ar fáil i bhfeidhm ar an scoláire agus ar an múinteoir' (NZMoE, 2020).

Déanann na múinteoirí éacht an scoláire a mheas ach a rá go mbaintear ceann de na trí leibhéal amach: gnóthaithe, tuillteanas agus feabhas, agus cuimsítear leis an scoláire ag taispeáint a thuisceana, ag cur a fhoghlama i bhfeidhm, agus ag tabhairt faoi thaighde agus mionstaidéar.

Is féidir leis an scoláire i mBliain 11-13 an Teastas Oideachais Náisiúnta a bhaint amach (National Certificate of Educational Achievement), cáilíocht bunaithe ar chreidiúint ag trí leibhéal éagsúla laistigh de Chreat Cáilíochtaí na Nua-Shéalainne. Tá trí chaighdeán measúnaithe ann a chuireann le cáilíochtaí NCEA: caighdeán aonaid, caighdeán ghnóthachtála a mheastar go himmheánach agus caighdeán ghnóthachtála a mheastar go seachtrach. Ní mar a chéile meascán na gcaighdeán aonaid, an mheasúnaithe intrí agus an mheasúnaithe seachtraí i gcomhair críocha creidiúna i gcónaí, ach go ginearálta, is fiú thart ar 60% de chreidiúintí scoláire (NZQA, 2020).

Grádaíonn na múinteoirí na measúnuithe inmheánacha agus cinntíonn an *New Zealand Qualifications Authority* (NZQA) iad ach úsáid a bhaint as líonra de mhodhnóirí lánaimseartha agus páirtaimseartha a sheiceálann 10% den obair a mheastar go himmheánach chun a chinntiú go bhfuil breithiúnais na múinteoirí leanúnach. Cuimsítear le measúnú seachtrach clár de scrúduithe náisiúnta a stiúránn NZQA iad agus meastar iad go seachtrach.

Cuireann an machnamh seo ar thrasghearradh de churaclaim idirnáisiúnta a chuireann comhthéacs ar fáil trínar féidir machnamh a dhéanamh ar fhorbairt na sonraíochta nua le haghaidh Ghnó na hArdteistiméireachta. Is iad na treonna ina ndeachaigh curaclaim ghnó i dtíortha eile a chuireann pointe tábhachtach tagartha ar fáil chun sonraíocht nua a phlé agus a fhorbairt le haghaidh gnó.



## Achoimre roinne

- Cuireann go leor dlínsí Eorpacha agus idirnáisiúnta, sonraíochtaí na sraithe sinsearaí a bhaineann le gnó ar fáil le cur chuige cosúil leis an gcaoi a bhfreastalaítear ar ghnó laistigh de chóras oideachais na hÉireann ag leibhéal na meánscoile sinsearaí. I ndlínsí eile, fítear staidéar an ghnó ag leibhéal na meánscoile sinsearaí isteach i réimsí ábhair uileghabhálacha eile.
- Cuireann roinnt dlínsí amhail Tuaisceart Éireann dhá shonraíocht ar leith ar fáil, agus i gceann acu díritear ar an timpeallacht ghnó idirnáisiúnta agus ar an timpeallacht ghnó sa bhaile a thuiscint (TGO Staidéar Gnó) ach tá sé mar aidhm ag an gceann eile (TGO Staidéar Gnó Gairmiúil) freastal ar an éileamh ar oibrithe atá cáilithe agus oilte go cuí sa timpeallacht ghnó sa 21ú hAois.
- Cuireann roinnt dlínsí ar nós Queensland Gnó ar fáil mar ábhar daonna agus Staidéar Gnó Feidhmeach mar ábhar gairme malartach don scoláire a bhfuil sé mar aidhm aige foghlaim faoi chleachtais ghnó agus faoi fheidhmeanna gnó.
- Ar mhaithe leis an gcáipéis eolais seo, díríonn na dlínsí ar fad ar an timpeallacht ghnó dhinimiciúil agus iomaíoch atá ag athrú sa 21ú hAois. Ar fud na ndlínsí ar fad a fiosraíodh, cuirtear fócas ar fhiosrúchán, taighde, anailís, agus meastóireacht an scoláire leis an teoiric ghnó le roinnt deiseanna don scoláire chun a fhoghlaim a chur i bhfeidhm sa saol gnó, lena n-áirítear úsáid na gcás-staidéar.
- Mar gheall ar an gcothromaíocht idir measúnú inmheánach agus seachtrach, is féidir measúnú a dhéanamh ar réimse leathan eolais, tuisceana, scileanna, luachanna, agus láidreachtaí de chuid an scoláire ach réimse modhanna measúnaithe éagsúla a úsáid.

## 5. Ceisteanna le machnamh a dhéanamh orthu

---

Leagann an chuid seo roinnt ceisteanna le machnamh a dhéanamh orthu agus sonraíocht nua le haghaidh Ghnó na hArdteistiméireachta á forbairt. Tagann siad seo chun cinn ó nádúr an ábhair é féin, agus ón tionchar de réimse leathan d'fhachtóirí eitice, teicneolaíochta, eacnamaíochta, agus polaitiúla go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, agus úsáideann siad téamaí a thagann chun cinn ó na codanna roimhe den cháipéis eolais seo.

### Deiseanna d'fhoghlaim a bhaineann le cúrsaí gnó ar fud na sraithe sinsearaí

Nuair atáthar ag déanamh machnamh ar fhorbairt na sonraíochta nua le haghaidh Ghnó na hArdteistiméireachta tá sé riachtanach a bheith feasach ar réimsí foghlama féideartha eile a bhaineann le cúrsaí gnó laistigh den tsraith shinsearach ar nós oideachas fiontraíochta san Idirbhliain, na modúil naisc laistigh de Ghairmchlár na hArdteistiméireachta agus modúil na hArdteistiméireachta Feidhmí, lena n-áirítear Riarachán Oifige agus Cúram Custaiméirí agus Ullmhúchán don Obair agus Gairmthreoir. Sineirgí le réimsí foghlama laistigh d'Eacnamaíocht agus Cuntasaíocht, beidh machnamh ag teastáil ó ábhair na sraithe sinsearaí a bhaineann le cúrsaí gnó chun léirchruinneas sa churaclam a chinntiú agus beidh sé in a chabhair eolas a dhéanamh do raon na sonraíochta Gnó.

### Raon an ábhair

Is é saol dinimiciúil an ghnó agus na forbairtí a bhíonn ag athrú i gcónaí sa timpeallacht ghnó inmheánach agus seachtrach a chiallaíonn go gcaithfear machnamh cúramach a dhéanamh ar raon na réimsí le cur san áireamh sa tsonraíocht agus ina theannta sin, ar an gcaoi a bhfanann na réimsí seo ábhartha agus reatha. An fhéidearthacht chun cuidiú le suim an scoláire i réimse leathan topaicí a bhaineann le cúrsaí gnó atá bainteach le saol an scoláire (cosúil le bheith ina chustaiméir freagrach agus na cearta agus na freagrachtaí san áit oibre a thuiscint), ach ag am céanna beidh plé ag teastáil chun fócas a choinneáil ar an teoiric ghnó sa tsonraíocht. Beidh sé tábhachtach machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a ndeimhneofar go gcuirfear béim chuí ar eolas, tuiscint, scileanna, luachanna, agus meonta a fhorbairt, leo féin agus i Staidéar Gnó.

Tugtar níos mó aitheantais ar litearthacht airgeadais anois mar scil thábhachtach saoil don duine aonair, tar éis na géarchéime airgeadais agus i ndomhan a bhíonn de shíor ag athrú, de bharr go bhfuil níos mó riosca ann don chustaiméir, de bharr digitithe, agus tuilleadh castachta sa tírdhreach airgeadais le haitheantas go bhfuil cumas teoranta ann maidir le rialachán chun custaiméirí a chosaint mar is ceart. Thaispeáin an titim amach ón ngéarchéim airgeadais an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ann nuair atá leibhéal ísle de litearthacht airgeadais ann i measc saoránach, teaghlach, eagraíochtaí, agus margáí airgeadais (ECFE, 2012). Dá bharr, ní mór machnamh a dhéanamh maidir leis an gcaoi a bhféadfadh an tsonraíocht feabhas a chur ar litearthacht phearsanta airgeadais an scoláire agus ar a thuiscint ar ghnó sa saol ina thimpeall.

Teastaíonn machnamh ón ról atá ag gnólachtaí go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta agus ní mór don tsonraíocht deacrachtaí eitice agus teicneolaíochta a chur san áireamh, deacrachtaí a bhaineann le saol an ghnó, leis an idirghníomhaíocht agus an tionchar atá ag an timpeallacht ghnó ar ár sochaí níos leithne a fhiosrú. Is príomhréimsí iad domhandú agus tionchar an AE agus na

dtimpeallachtaí trádála idirnáisiúnta sa 21ú haois freisin go háirithe maidir le fiontraíocht in Éirinn agus cuspóir ag an Rialtas poitéinseal na trádála cothroime inbhuanaithe idirnáisiúnta ach iarrann nádúr dinimiciúil na timpeallachta gnó go leor ar bhainisteoirí agus ar cheannairí. Tá sé rithábhachtach i gcúrsaí gnó go mbeifear in ann pleanáil i gcomhair réimse cásanna, lena n-áirítear rudaí nach mbítear ag súil leo sa 21ú haois, agus go bhfaighfear tuiscint ar an gcaoi a n-imríonn réimse tosca tionchar ar thorthaí rathúla.

D'athraigh saol an hoibre go suntasach, chomh maith leis an gcaoi a n-oibrímid, agus beidh roinnt tástála ag teastáil uaidh seo le linn fhorbairt na sonraíochta. Is machnamh suntasach eile é fás agus forbairt na fiontraíochta mar mhodh smaointeoireachta chomh maith leis an gcaoi ar féidir leis nuálaíocht, athléimneacht agus cruthaitheacht mar chuid de 'chumas an duine aonair chun deis a shainnithint agus chun dul sa tóir uirthi chun luach nua nó rath eacnamaíoch a bhaint amach' (DJEI, 2014 lch.6) meastar gur príomhghné é seo maidir le folláine aon gheilleagar rathúil (DJEI, 2014) agus is bunchloch é de nuálaíocht, lúfaireacht, cruthaitheacht agus solúbthacht inmheánach in eagraíochtaí idir bheag agus mhór.

## **Digitíú agus an saol gnó**

Is é nádúr achrannach na réabhlóide digití, ceann de na deacrachtaí is suntasaí do shaol an ghnó, don chustaiméir agus don áit oibre, ag athrú na mbealaí traidisiúnta chun gnó a dhéanamh agus ag cur trasfhoirmiú agus nuálaíocht chun cinn. Tháinig dul chun cinn ó theicneolaíocht dhigiteach ar fud an tsaoil ghnó ó chumarsáid go díolacháin agus margáíocht, acmhainní daonna, dearadh, bainistíocht eolais, airgeadas, éifeachtacht, cúrsaí lóistíochta agus go leor réimsí eile. Cé go bhféadfadh go leor buntáistí a bheith ag baint le digitíú sa saol gnó, tagann dúshlán leis, maidir le doimhneacht agus leithead de phoitéinseal na teicneolaíochta agus maidir leis an ngá chun na rioscaí a bhaineann leis a bhainistiú, lena n-áirítear inní faoi chibearshlándaíl. D'fhéadfadh gurb é an dúshlán is mó atá roimh eagraíochtaí agus roimh na daoine a oibríonn sa timpeallacht ghnó, is ea an chaoi chun dul i dtiaí ar na treochtaí digiteacha le linn do ghnó agus don tsochaí ag tosú in aois nua arb é an Ceathrú Réabhlóid Thionsclaíoch é. Nuair atáthar ag déanamh machnamh ar dhigitíú, beidh sé riachtanach fiosrú a dhéanamh ar an gcaoi is fearr chun tuiscint a thabhairt isteach ar an gcaoi a n-imríonn teicneolaíocht dhigiteach tionchar ar ghnó sa 21ú haois le custaiméirí a chur san áireamh, chomh maith le cuir chuige maidir le nuálaíocht, agus an tionchar sin ar eagraíochtaí iad féin.

## **Suntas a bhaineann le cúrsaí eitice**

Meastar gur dea-chleachtas gnó é a bheith eiticiúil sa saol gnó agus cuimsítear leis, na gnólachtaí iad féin agus na daoine a oibríonn sa saol gnó ag freastal ar chaighdeáin dhlíthiúla agus eitice. Tá cláir freagrachta sóisialta ag go leor eagraíochtaí ina dtugann siad gealltanais le bheith níos freagraí go sóisialta agus ó thaobh na timpeallachta de, agus oibríonn siad chun Cuspóirí Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach, agus chun cóid chleachtais eitice a fhorbairt ag tabhairt gealltanais go cloífidh siad lena gcód iompair féin agus lena gcaighdeáin eitice féin. Bíonn eagraíochtaí rannpháirteach le hidirthréimhse ghlas le tuilleadh fócais ar inbhuanaitheacht agus ar inní faoin timpeallacht, sa tsochaí an lae inniu. I dteannta leis sin, bíonn tuilleadh brú orthu le bheith níos feasaí go heiticiúil, chun caighdeáin eitice a chur i bhfeidhm ar fud a slabhraí soláthair agus in áiteanna oibre atá ag éirí níos éagsúla. Caithfear machnamh a dhéanamh sa tsonraíocht nua ar an gcaoi chun tuiscint níos doimhne a fháil ar chúrsaí eitice i ngnó agus tomhaltas agus ar a bhfuil i gceist le bheith eiticiúil d'eagraíochtaí iad féin, do chustaiméirí agus do na daoine a oibríonn agus do dhaoine atá i gceannas sa timpeallacht ghnó.

## **An tábhacht atá le forbairt scileanna**

Teastaíonn daoine a bhfuil scileanna éagsúla acu ón timpeallacht ghnó sa 21ú haois ar féidir leo foghlaim a chur i bhfeidhm i gcásanna san fhíorshaol. Tá sé seo tairbheach do dhaoine óga freisin mar shaoránaigh sa 21ú haois, sa saol oibre, i bhfiontraíocht agus i dtraenáil agus oideachas as seo amach. D'fhéadfadh an scoláire a dhéanann Gnó na Sraithe Sinsearaí tairbhe a bhaint as fócas feabhsaithe ar chuir chuige maidir le teagasc agus foghlaim atá ina gcabhair chun nuálaíocht, cruthaitheacht agus smaointeoireacht chriticiúil a chothú, a aithnítear mar bhun-rudaí i saol atá ag éirí níos casta agus idirnasctha agus tá siad le feiceáil go forleathan i gcuraclaim ghnó a athbhreithníodh le gairid laistigh de dhlínsí eile. Chuirfeadh sé seo deis ar fáil son scoláire cur leis na scileanna a forbraíodh sa tsraith shóisearach agus an seit scileanna a cothaíodh trí rannpháirtíocht le Measúnuithe Rangbhunaithe go háirithe agus i dteannta leis sin cabhróidh sé chun dul i ngleic leis an imní a cuireadh chun solais i dtuarascáil an Phríomhscrúdaitheora in 2015 maidir le forbairt scileanna smaointeoireachta criticiúla.

## **Measúnú ar Ghnó na hArdteistiméireachta**

Nuair a dhéanfar athfhorbairt ar an tsraith shinsearach ó 2022 ar aghaidh cuirfear dara comhpháirt measúnaithe i bhfeidhm i ngach ábhar sa tsraith shinsearach a bheidh ualú de 40% leis. Is athrú suntasach é seo i gcomhthéacs Ghnó na hArdteistiméireachta mar mheasúnú ar obair an scoláire go traidisiúnta a bhí bunaithe ar scrúdú deiridh amháin.

Is é cur i bhfeidhm comhpháirt measúnaithe bhreise a chuireann rochtain ar fáil ar réimse scileanna nach féidir a mheas go cuí trí fhormáid thraidisiúnta an scrúdpháipéir scríofa. Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm ag an tsonraíocht réimse deiseanna a chur ar fáil don scoláire chun a fhoghlaim a chur i bhfeidhm agus mar sin, an scoláire a ullmhú don saol amach roimhe, obair, traenáil, agus staidéar.

## Achoimre roinne

- Tá roinnt deiseanna ann don scoláire a bheith rannpháirteach le foghlaim a bhaineann le cúrsaí gnó sa tsraith shinsearach agus ní mór machnamh a dhéanamh orthu seo nuair a bheidh sonraíocht ó pheirspictíocht curaclaim chomhleanúnachais á forbairt.
- Athraíodh an timpeallacht ghnó go mór ó chur i bhfeidhm an tsiollabais roimhe, rud a fhágann nach mór machnamh a dhéanamh ar réimse foghlama chun sonraíocht nua a chur san áireamh ach a bheith ar an airdeall freisin faoi na 180 uair rannpháirtíochta atá molta.
- D'fhéadfadh raon an ábhair a bheith an-leathan le deiseanna le haghaidh foghlama faoi ghnéithe de ghnó a bhaineann le saol an scoláire féin ar nós litearthacht airgeadais a fhorbairt; an gá chun machnamh a dhéanamh ar fhorbairtí i ngnó ag leibhéal eagraíochtúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus chun machnamh a dhéanamh ar an ról tábhachtach atá ag smaointeoireacht fiontraíochta i ngnó sa 21ú haois.
- Ba é digitíú ceann de na rudaí ba mó a spreag athrú sa saol gnó do chustaiméirí, d'oibrithe, do bhainisteoirí agus do rialtais, agus ba cheart don tsonraíocht tacaíocht a thabhairt don scoláire chun tuiscint a fháil ar phoitéinseal agus ar thionchar na teicneolaíochta digití ar an timpeallacht ghnó.
- Baineann cúrsaí eitice le gach gné de chuid de ghnó sa 21ú haois agus cuimsítear le gnó raon leathan réimsí amhail inbhuanaitheacht, freagracht chorparáideach shóisialta, tomhaltachas eitice, slabhraí soláthair agus an áit oibre í féin. Mar sin de, tá sé tábhachtach go ndéanfar machnamh ar staidéar gnó ag an leibhéal seo.
- Tá scileanna amhail smaointeoireacht chriticiúil, meastóireacht, nuálaíocht agus réiteach fadhbanna tábhachtach laistigh de thimpeallacht ghnó sa 21ú haois. Ba cheart go gcuirfí deis ar fáil in oideachas gnó na sraithe sinsearaí don scoláire chun réimse leathan scileanna a fhorbairt mar ullmhúchán do shaol an duine fásta, do staidéar as seo amach, do thraenáil agus don saol oibre agus chun tacaíocht a thabhairt dó chun ról gníomhach a bheith aige sa tsochaí.

## 6. Treoir don Athbhreithniú ar Ghnó na hArdteistiméireachta

Bunóidh CNCM grúpa forbartha chun tabhairt faoi thasc chun sonraíocht curaclaim a fhorbairt le haghaidh Ghnó na hArdteistiméireachta. I dtéarmaí ginearálta, aontaíonn Bord CNCM ar obair an Ghrúpa Forbartha don tSraith Shinsearach, aontaíonn agus an Chomhairle i bhfoirm na treorach leagtha amach thíos.

Forbróidh Gnó na hArdteistiméireachta chun tacú le cuspóir na físe a bhaint amach le haghaidh sraith shinsearach athfhorbartha mar a leagtar amach in Athbhreithniú na Sraithe Sinsearaí: Tuarascáil Chomhairleach (CNCM, 2022). Cuireann na treoirphrionsabail caighdeán ar fáil don ghrúpa forbartha mar a chuirtear síos orthu sa Tuarascáil Chomhairleach le linn dóibh a bheith ag ullmhú sonraíocht curaclaim le haghaidh Ghnó na hArdteistiméireachta.

Beidh an tsonraíocht scoláire-láraithe agus beidh sí bunaithe ar thorthaí agus go ginearálta ba cheart go mbeadh an tsonraíocht ailínithe go leathan le Leibhéal 4 agus 5 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí. Beidh sí ar fáil ag Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal agus dearfar í chun í a theagasc agus a mheasúnú in 180 uair an chloig ar a laghad.

Beidh an tsonraíocht ailínithe leis an teimpléad ar aontaigh an Chomhairle leis, do shonraíochtaí curaclaim a bhfoilseoidh CNCM iad i C4, 2022 i ndiaidh tuilleadh taighde ar nádúr agus ar dhearadh na sonraíochtaí curaclaim do chéim oideachais na sraithe sinsearaí. Ina theannta sin, déanfaidh taighde a rinne CNCM eolas do dhearadh na sonraíochta, i gcomhoibriú le CSS, maidir le húsáid na gcomhpháirteanna breise measúnaithe.

Cuirfear an tsonraíocht i gcrích le haghaidh fhómhar na bliana 2023.

Le bheith níos sonraíche, tabharfaidh forbairt na sonraíochta nua aghaidh orthu seo a leanas:

- An chaoi a bhfuil an tsonraíocht ailínithe le treoirphrionsabail na sraithe sinsearaí
- An chaoi ar féidir leis an tsonraíocht tacú le leanúnachas agus dul chun cinn, lena n-áirítear an chaoi chun nasc a dhéanamh le foghlaim ghaolmhar agus chun cur léi agus in ábhair eile sa tsraith shinsearach agus i modúil eile chomh maith le foghlaim as seo amach sa saol, i staidéar, i cúrsaí fiontraíochta, i dtraenáil, in ardoideachas, i bprintíseachtaí, i dtréimhsí oiliúna, agus sa saol oibre
- An bunús atá le staidéar a dhéanamh ar ghnó na hArdteistiméireachta, rud a fhágann go bhfuil sé trédhearcach agus gur léir don scoláire, do mhúinteoirí, agus do thuismitheoirí cén chaoi chun an t-ábhar a dhéanamh níos taitneamhaí agus chun leanúint ar aghaidh chun cothromaíocht inscne a chur chun cinn maidir le roghnú an ábhair
- An chaoi ar féidir leis an tsonraíocht tacaíocht a thabhairt don scoláire chun tuiscint a fháil ar ábharthacht an ghnó ina shaol laethúil agus ar ábharthacht agus tábhacht an ghnó sa 21ú haois
- An chaoi ar féidir leis an tsonraíocht tacú le forbairt na litearthachta airgeadais de chuid an scoláire
- An chaoi ar féidir leis an tsonraíocht tacú leis an scoláire chun dearcadh freagrach a fhorbairt maidir le saoránacht agus leis an tsochaí trí fhócas ar chúrsaí eitice sa timpeallacht ghnó

- An chaoi ar féidir leis an tsonraíocht plé agus anailís a chothú faoi dheacrachtaí polaitiúla, sóisialta, airgeadais agus eacnamaíocha a bhaineann leis an timpeallacht ghnó ar fad sa 21ú haois agus an tionchar atá acu sin ar dhaoine i ngnó, ar oibrithe agus ar chustaiméirí
- An chaoi chun tuiscint a chothú ar phoitéinseal agus tionchar an digitithe ar ghnó ó pheirspictíocht phearsanta, eagraíochtúil agus shochoáioch
- An chaoi chun roinnt deiseanna éagsúla agus cuí a thabhairt don scoláire a fhoghlaim a bhaint amach agus a thaispeáint
- An chaoi ar féidir leis an tsonraíocht, ina cur i láthair agus ina réim teanga, a bheith dírithe go mór ar an scoláire agus, fócas soiléir a bheith aici ar an gcaoi a bhforbraíonn agus a dtaispeánann an scoláire a eolas, a chuid scileanna, luachanna agus meonta
- An chaoi ar féidir leis an tsonraíocht, ina cur i láthair, tacú le múinteoirí agus iad ag pleanáil i gcomhair teagaisc, foghlama agus measúnaithe, lena n-áirítear an chaoi a bhféadfadh fócas a fhorbairt ar réimse scileanna ábhartha a chothú
- An chaoi chun teicneolaíocht a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm i múinteoireacht, foghlaim agus measúnú.

Beidh obair na Meithle Forbartha bunaithe ar an bpáipéar treorach seo ar an gcéad dul síos. Agus an Mheitheal Forbartha i mbun oibre, d'fhéadfaí roinnt de na pointí seo a fhorhíniú agus pointí eile a chur leis an bpáipéar treorach.

## Tagairtí

---

An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC). 2018 Cumas agus Folláine Airgeadais in Éirinn 2018 [ar líne] ar fáil <https://www.ccpc.ie/business/wp-content/uploads/sites/3/2018/12/Financial-capability-2018.pdf> [léite an 20 Aibreán 2022]

An Chomhairle Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnaithe (CCSM) 2016. Teastas Ginearálta i Sonraíocht Staidéar Gnó Oideachais [ar líne] ar fáil <https://ccea.org.uk/post-16/gce/subjects/gce-business-studies-2016> [léite an 17 Aibreán 2022]

Comhairle le haghaidh Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnaithe (CCSM) 2017 Teastas Ginearálta i Sonraíocht Seirbhísí Gairmiúla Gnó [ar líne] ar fáil <https://ccea.org.uk/post-16/gce/subjects/gce-professional-business-services-2017> [léite an 17 Aibreán 2022]

An Roinn Oideachais. (DE) 2022. Straitéis dhigiteach le haghaidh scoileanna go dtí 2027 [ar líne] ar fáil <https://www.gov.ie/en/publication/69fb88-digital-strategy-for-schools/> [léite an 29 Aibreán 2022]

An Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) 2016 Straitéis Scileanna Náisiúnta na hÉireann 2025 [ar líne] ar fáil <https://www.gov.ie/en/publication/69fd2-irelands-national-skills-strategy-2025-irelands-future/> [léite an 19 Aibreán 2022]

An Roinn Oideachais agus Scileanna (DES) 1994. Gairmchlár na hArdteistiméireachta (GCAT) Ráiteas Cláir [ar líne] ar fáil <https://ncca.ie/media/2556/lcvpprogrammestatement.pdf> [léite an 29 Aibreán 2022]

An Roinn Oideachais agus Scileanna (DES) 1994. An Idirbhliain (IB) Ráiteas Cláir [ar líne] ar fáil [https://ncca.ie/media/2512/ty\\_transition\\_year\\_school\\_guidelines.pdf](https://ncca.ie/media/2512/ty_transition_year_school_guidelines.pdf) [léite an 29 Aibreán 2022]

An Roinn Oideachais agus Scileanna (DES), 1994. Siollabas Chuntasáíochta na hArdteistiméireachta [ar líne] ar fáil [https://www.curriculumonline.ie/getmedia/1cc50fb4-90da-428c-83d4-df53c8f49dd9/SCSEC01\\_Accounting\\_syllabus\\_English.pdf](https://www.curriculumonline.ie/getmedia/1cc50fb4-90da-428c-83d4-df53c8f49dd9/SCSEC01_Accounting_syllabus_English.pdf) [léite an 19 Aibreán 2022]

An Roinn Oideachais agus Scileanna (DES), 1995. Siollabas Ghnó na hArdteistiméireachta [ar líne] ar fáil [https://www.curriculumonline.ie/getmedia/fb629c5b-f6e5-4193-ad4c-faf0e3c704c9/SCSEC08\\_Business\\_syllabus\\_Eng.pdf](https://www.curriculumonline.ie/getmedia/fb629c5b-f6e5-4193-ad4c-faf0e3c704c9/SCSEC08_Business_syllabus_Eng.pdf) [léite an 19 Aibreán 2022]

An Roinn Oideachais agus Scileanna (DES), 1996. Siollabas Ghnó na hArdteistiméireachta Treoirínte don Mhúinteoir [ar líne] ar fáil <https://www.yumpu.com/en/document/read/5374336/leaving-certificate-business-department-of-education-and-skills> [léite an 19 Aibreán 2022]

An Roinn Fiontar, Trádála agus Earcaíochta (DETE), 2021 Ráiteas Straitéise 2021-2023 [ar líne] ar fáil <https://enterprise.gov.ie/en/Publications/Publication-files/Statement-of-Strategy-2021-2023.pdf> [léite an 19 Aibreán 2022]

An Roinn Fiontar, Trádála agus Earcaíochta (DETE), 2022 Straitéis Trádála agus Infheistíochta 2022-2026: Luach d'Éirinn, Luachanna don Domhan [ar líne] ar fáil



<https://www.gov.ie/en/publication/eb1fe-trade-and-investment-strategy-2022-2026-value-for-ireland-values-for-the-world/> [léite an 19 Aibreán 2022]

An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, (DJEI), 2014. Ráiteas Beartais Náisiúnta maidir le Fiontraíocht [ar líne] Ar fáil: <https://enterprise.gov.ie/en/Publications/Publication-files/Policy-Statement-Entrepreneurship-in-Ireland.pdf> [léite an 19 Aibreán 2022]

Coimisiún agus Eagraíocht na hEorpa le haghaidh Forbairt Eacnamaíoch (OECD), 2022. Comhchreat le haghaidh Inniúlacht Airgeadais [ar líne] ar fáil [https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/IP\\_22\\_283](https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/IP_22_283) [léite an 24 Aibreán 2022]

Rialtas na hÉireann, 2022. Úsáid a Bhaint as Cúrsaí Digiteacha: Creat Digiteach na hÉireann [ar líne] ar fáil <https://www.gov.ie/en/publication/adf42-harnessing-digital-the-digital-ireland-framework/> [léite an 19 Aibreán 2022]

Rialtas na hÉireann 2019 Straitéis Náisiúnta Cibearshlándála 2019-2024 [ar líne] ar fáil <https://www.gov.ie/en/publication/8994a-national-cyber-security-strategy/>

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM), 2019. Siollabas Ghnó na hArdteistiméireachta Nuashonrú Reachtaíochta [ar líne] ar fáil <https://www.curriculumonline.ie/Senior-cycle/Senior-Cycle-Subjects/Business/> [léite an 19 Aibreán 2022]

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) 2016. Staidéar na Sraithe Sóisearaí Sonraíocht Gnó Oideachais [ar líne] ar fáil <https://www.curriculumonline.ie/Junior-cycle/Junior-Cycle-Subjects/Business-Studies/> [léite an 19 Aibreán 2022]

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM), 2018. Sonraíocht Eacnamaíochta na hArdteistiméireachta [ar líne] ar fáil [https://www.curriculumonline.ie/getmedia/3342d8a2-1e22-4f17-b82b-a8134fe16eb3/LCEconomics\\_0219\\_GA.pdf](https://www.curriculumonline.ie/getmedia/3342d8a2-1e22-4f17-b82b-a8134fe16eb3/LCEconomics_0219_GA.pdf) [léite an 19 Aibreán 2022]

Bord Staidéar New South Wales, 2010. Údarás Caighdeán Oideachais New South Wales Staidéar Gnó Céim 6 Siollabas [ar líne] ar fáil <https://educationstandards.nsw.edu.au/wps/portal/nesa/11-12/stage-6-learning-areas/hsie/business-studies> [léite an 24 Aibreán 2022]

Údarás Cáilíochtaí na Nua-Shéalainne (NZQA). 2020. Iontráil Ollscoile NCEA agus Scoláireacht na Nua-Shéalainne Tuarascáil Bhliantúil Sonraí agus Staitisticí 2019. Auckland: NZQA

New Zealand Ministry of Education. (NZmoE) 2020 Measúnú [ar líne] ar fáil: <https://assessment.tki.org.nz/> [léite an 23 Aibreán 2022]

New Zealand Ministry of Education. (NZmoE) 2014. Treoir Curaclaim na Nua-Shéalainne le haghaidh Staidéar Gnó na Meánscoile Sinsearaí [ar líne] ar fáil <https://seniorsecondary.tki.org.nz/Social-sciences/Business-studies> [léite an 12 Aibreán 2022]

Eagraíocht i gcomhair Forbairt Eacnamaíoch (ECFE) 2015 Prionsabail Ardleibhéil ar Straitéisí Náisiúnta d'Oideachas Airgeadais [ar líne] ar fáil <https://www.oecd.org/daf/fin/financial-education/OECD-INFE-Principles-National-Strategies-Financial-Education.pdf> [léite an 12 Aibreán 2022]

Eagraíocht i gcomhair Forbairt Eacnamaíoch (ECFE) 2015 Creat Croí-Inniúlachtaí maidir le Litearthacht Airgeadais don Aos Óg [ar líne] ar fáil <https://www.oecd.org/finance/Core-Competencies-Framework-Youth.pdf> [léite an 19 Aibreán 2022]

Údarás Curaclaim agus Measúnaithe Queensland (QCAA), 2019. Siollabas Fheidhmeach Staidéar Gnó ag an leibhéal sinsearach [ar líne] ar fáil <https://www.qcaa.qld.edu.au/senior/senior-subjects/humanities-social-sciences/business-studies> [léite an 19 Aibreán 2022]

Údarás Curaclaim agus Measúnaithe Queensland (QCAA), 2019. Siollabas Staidéir Ghnó ag an leibhéal sinsearach [ar líne] ar fáil <https://www.qcaa.qld.edu.au/senior/senior-subjects/humanities-social-sciences/business> [léite an 19 Aibreán 2022]

Údarás Cáilíochtaí na hAlban (Scottish Qualifications Authority) 2018 Sonraíocht Ardchúrsa do Bhainistíocht Gnó [ar líne] ar fáil: [https://www.sqa.org.uk/files\\_ccc/HigherCourseSpecBusinessManagement.pdf](https://www.sqa.org.uk/files_ccc/HigherCourseSpecBusinessManagement.pdf) (léite an 17 Aibreán 2022)

Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS), 2015. Tuarascáil an Phríomhscrúdaitheora Gnó na hArdteistiméireachta 2015 [ar líne] ar fáil <https://www.examinations.ie/misc-doc/EN-EN-78293370.pdf> [léite an 12 Aibreán 2022]

Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS), 2022. Staitisticí Scrúdaithe Bliantúla 2017-2021 [ar líne] ar fáil <https://www.examinations.ie/statistics/> [léite an 12 Aibreán 2022]

An Fóram Eacnamaíoch Domhanda 2020. *The Future of Jobs Report 2020* [ar líne] ar fáil <https://www.weforum.org/reports/the-future-of-jobs-report-2020/> [léite an 30 Aibreán 2022]

An Fóram Eacnamaíoch Domhanda 2016. An Ceathrú Réabhlóid Thionsclaíoch: céard a chiallaíonn sé, cén chaoi chun freagairt dó [ar líne] ar fáil <https://www.weforum.org/agenda/2016/01/the-fourth-industrial-revolution-what-it-means-and-how-to-respond/> [léite an 12 Aibreán 2022]



**NCCA**

An Chomhairle Náisiúnta  
Curaclaim agus Measúnachta  
National Council for  
Curriculum and Assessment